**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 19 Aibreán 2023 – Gerhard Grund Gerüste v EUIPO – Josef-Grund-Gerüstbau (Josef Grund Gerüstbau)**

**(Cás T-749/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais – Imeachtaí neamhbhailíochta – Focalmharc de chuid an Aontais Josef Grund Gerüstbau – Marc fíortha náisiúnta níos luaithe grund – Foras coibhneasta neamhbhailíochta – Ní dócha go mbeidh mearbhall ann – Níl ann d'aon chosúlacht idir na comharthaí – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2023/C 189/37)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Gerhard Grund Gerüste e.K. (Kamp-Lintfort, an Ghearmáin) (ionadaí P. Lee, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: M. Eberl, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* Josef-Grund-Gerüstbau GmbH (Erfurt, an Ghearmáin) (ionadaí: T. Staupendahl, Dlíodóir)

**Maidir le:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón gCéad Bhoird Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 22 Meán Fómhair 2021 (Cás R 1925/2020-1) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Gerhard Grund Gerüste e. K na costais a íoc.

([1]) IO C 37, 24.1.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 19 Aibreán 2023 – OD v Eurojust**

**(Cás T-61/22)** ([1])

***(Státseirbhís – Comhaltaí den fhoireann shealadach – Athshannadh sealadach ar mhaithe leis an tseirbhís – Airteagal 7 de na Rialacháin Foirne – Atreorú ar chúnamh – Airteagal 24 de na Rialacháin Foirne – Beart sealadach díbeartha – Coincheap an "ghnímh a dhéanann dochar do dhuine" – Ceart éisteachta – Dliteanas)***

(2023/C 189/38)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* OD (ionadaí: N. de Montigny, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (ionadaithe: A. Terstegen Verhaag agus M. Castro Granja, Gníomhairí, le cúnamh ó D. Waelbroeck agus A. Duron, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Trína chaingean bunaithe ar Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, de pháirt, go ndéanfar an cinneadh an 17 Meitheamh 2021, lenar chinn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) í a athshannadh go sealadach chuig post [*rúnda*], agus, a mhéid is gá, cinneadh an 21 Deireadh Fómhair 2021, lenar dhiúltaigh Eurojust dá ghearán an 22 Meitheamh 2021 a chur ar neamhní agus, den pháirt eile, cúiteamh as an damáiste a líomhnaítear a d'fhulaing sí mar thoradh ar na cinntí sin.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar cinneadh Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) an 17 Meitheamh 2021 maidir le OD a athshannadh go sealadach chuig post [rúnda] a chur ar neamhní.

2) Diúltaítear don chaingean.

3) Ordaítear do Eurojust a chostais féin agus na costais sin arna dtabhú ag OD a íoc;

---

(1) IO C 119, 14.3.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 19 Aibreán 2023 – Siemens v an Pharlaimint**

**(Cás T-74/22)** (1)

***(Soláthar poiblí – Conarthaí oibreacha poiblí – Nós imeachta tairisceana – Athnuachan ar an gcóras sábháilteachta dóiteáin i bhfoirgnimh na Parlaiminte i Strasbourg – Diúltú do thairiscint tairgeora agus bronnadh an chonartha ar thairgeoirí eile – Dliteanas neamhchonarthach)***

(2023/C 189/39)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Siemens SAS (Saint-Denis, an Fhrainc) (ionadaithe: E. Berkani agus M. Blanchard, Dlíodóirí)

*Cosantóir*: Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: E. Taneva agus V. Naglič, Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarann an t-iarratasóir, go príomha, go ndéanfar cinntí Pharlaimint na hEorpa an 8 Nollaig 2021 a chur ar neamhní gan glacadh leis na tairiscintí a thíolaic an cuibhreannas gnóthas atá comhdhéanta de féin agus Eiffage Énergie Systèmes – Alsace Franche-Comté i gcomhthéacs bhaisceanna 1 agus 2 de ghlao ar thairiscintí 06A 70/2021/M004, maidir le hathnuachan an chórais sábháilteachta dóiteáin i bhfoirgnimh na Parlaiminte in Strasbourg na Fraince, agus an conradh a dhámhachtain do thairgeoirí eile agus, mar mhalairt air sin, ar bhonn Airteagal 268 CFAE, cúiteamh as an damáiste a líomhnaítear a bhain dó mar thoradh ar ghlacadh na gcinntí a chonspóidtear.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Siemens SAS na costais a íoc.

---

(1) IO C 138, 28.3.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 19 Aibreán 2023 – OQ v an Coimisiún**

**(Cás T-162/22)** (1)

***(Státseirbhís – Oifigigh – Imeachtaí araíonachta – Beart araíonachta – Dífhostú gan laghdú ar chearta pinsin – Airteagal 10 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne – Comhréireacht – Oibleagáid cúiseanna a lua)***

(2023/C 189/40)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* OQ (ionadaithe: N. Maes agus J.-N. Louis, Dlíodóirí)